

Comhthéacs Beartais

Tá ról lárnach ag oideachas agus oiliúint sna deiseanna agus uailmhianta ag cailíní agus mná. Sásra tábhachtach is ea caitheamh comhionann a áirithiú le go mbainfear barrchumais na mban amach, chomh maith le meas a thabhairt ar a saoirse smaointeoireachta agus le hidirdhealú in aghaidh na mban a dhíothú.

An Straitéis Eoraip 2020

- Tá sé mar chuspóir ann fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a sholáthar trí fhostaíocht a chruthú agus bochtaineachta a laghdú in AE.
- Éilítear ar Bhallstáit oideachas agus oiliúint ban a threisiú, go háirithe in earnálacha ina bhfuil siad faoi ghannionadaíocht sa sprioc 75 % d'fhostaíocht ban agus fear idir 20 agus 64 bliain d'aois.
- Socraítear an príomhspríoc leis na rátaí maidir le luathfhágáil scoile a laghdú faoi 10 %, agus le 40 % ar a laghad de na daoine ó 30 go 34 bliana d'aois oideachas tríú leibhéal a chríochnú.
- An tAontas Nuálaíochta — ar cheann de na seacht dtionscnamh suaitheanta den Eoraip 2020, ina bhfuil tacaíocht d'infheistíocht i dtaighde agus i bhforbairt agus gníomhartha le feabhas a chur ar an acmhainn chun seirbhísí agus táirgí úrnua a dhéanamh as taighde.
- Horizon 2020— an ionstraim airgeadais chun an tAontas Nuálaíochta a chur i bhfeidhm, rud a chuireann cothromaíocht inscne i bhfoirne taighde chun cinn trí thoisic rangaithe a dhéanamh de i dtograí le comhscór a roghnú agus i gcinnteoireacht le haidhm chun an sprioc 40 % de mhná nó d'fhir faoi ghannionadaíocht i ngach grúpa a chomhlíonadh (e.g. grúpaí saineolaithe) agus i bpainéil (e.g. painéil mheastóireachta).

An Comhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-2020)

Athdhearbhaítear gealltanais ón gComhairle le huailmhianta AE maidir le comhionannas inscne a chomhlíonadh, go háirithe i dtír réimse ard-ábharthachta, is iad sin fostaíocht, oideachas agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, go háirithe tríd an mbochtaineacht a laghdú.

Cuspóirí straitéiseacha BPfA agus táscairí Aontais Eorpaigh

- B.1.** Rochtain chomhionann ar oideachas a áirithiú.
- B.2.** Deireadh a chur le neamhlitearthacht i measc ban.
- B.3.** Rochtain na mban ar ghairmoiliúint, eolaíocht agus teicneolaíocht agus oideachas leanúnach a fheabhsú.
- B.4.** Oideachas agus oiliúint neamh-idirdhealaithe a fhorbairt.
- B.5.** Acmhainní dóthanacha a leithdháileadh ar son leasú oideachais agus le monatóireacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.
- B.6.** Oideachas agus oiliúint ar feadh an tsaoil do chailíní agus do mhná a chur chun cinn.

In 2007, d'aontaigh an Chomhairle trí tháscaire ar fud AE lena náirítear dhá fhotháscaire le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm cuspóirí BPfA sa réimse sin a thomhas. Gabhann siad leithscaradh inscne san oideachas, go cothrománach (is é sin i réimse an staidéir) agus go hingearach (is é sin i leibhéal na céime) araon, agus na torthaí coibhneasta ón oideachas do mhná agus d'fhir trí bhreathnú ar ráta dífhostaíochta na mban agus na bhfear de réir leibhéal oideachas a fuarthas.

Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíorais agus figiúirí, arna fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: <http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures>


Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

Is mná iad mórchuid de chéimithe ollscoile in AE

Tá rannpháirtíocht na mban san oideachas ag leibhéal céimí in AE níos airde ná ráta na bhfear in 2012 (59 %), gan aon athrú sa treocht ó bhí 2007 ann. Tá bearna bheag inscne, ag leibhéal iarchéime, is níos líonmhaire fír na mná fós i líon na gcéimithe PhD (53 % in 2012; 54 % in 2007), bearna inscne atá ag laghdú an tam ar fad. Tá na



RÁTA FOSTAÍOCHTA DO MHNÁ AGUS D'FHIR DE RÉIR LEIBHÉAL OIDEACHAIS AGUS AOISGHRÚPA, AE-28,



Foinse: Eurostat, EU-LFS

hathruithe níos soiléire ag leibhéal na mBallstát. In 2012, bhí na mná níos líonmhaire ná na fir i líon na gcéimithe PhD i 12 Bhallstát i gcomparáid le naoi mBallstát in 2007.


Tá nasc ag leibhéal níos airde oideachas le bearna fostaíochta inscne níos ísle

In 2012, ba é 62 % meánráta fostaíochta AE-28 do mhná idir 20 agus 64 bliana d'aois, i gcomparáid le 74 % do na fir. Méadaíonn meánráta fostaíochta na mban i gcomhréir lena leibhéal oideachais, go háirithe dóibh siúd idir 25 agus 49 bliana d'aois. In 2012, bhí na rátaí is ísle fostaíochta ag na mná (50% do mhná idir 25 agus 49 bliana d'aois agus 36 % do mhná idir 50 agus 64 bliana d'aois) a raibh oideachas réamhscoile, bunscoile agus dara leibhéal níos ísle acu (leibhéal 0-2). Tá sé sin i bhfad níos ísle ná rátaí fostaíochta na mban a bhfuil meánoideachas treasach deiridh céime agus iarmheánoideachais acu (leibhéal 3-4), is iad sin 73 % do mhná idir 25 agus 49 bliana d'aois agus 55 % do mhná idir 50 agus 64 bliana d'aois. Ba dhóichí go

raibh fostaíocht (agus ráta fostaíochta 83 % do mhná idir 25 agus 49 bliana d'aois agus 72 % dóibh siúd idir 50 agus 64 bliana d'aois) ag mná a raibh oideachas treasach chéad chéime agus dara chéime acu (leibhéal 5 agus leibhéal 6 ISCED 1997) agus bhí an ráta fostaíochta acu i bhfad níos airde ná an spriocráta 75 % sa Straitéis Eoraip 2020.

In 2012, ba é difreálach fostaíochta AE-28 idir mná agus fir a raibh leibhéal oideachais 0-2 acu ná 20 pointe céatadán dóibh siúd idir 25 agus 49 bliana d'aois, agus 17 bpointe céatadán dóibh siúd idir 50 agus 64 bliana d'aois. Laghdaíodh an difreálach fostaíochta idir mná agus fir le leibhéal fostaíochta 3-4: in 2012 ba é difreálach fostaíochta AE-28 do mhná agus d'fhir a raibh leibhéal oideachais 3-4 acu ná 13 phointe céatadán agus 12 phointe céatadán do na haoisghrúpaí 25-49 agus 50-64 faoi seach. Ag leibhéal oideachais 5-6, laghdaíodh an difreálach fostaíochta idir mná agus fir tuilleadh, go 8 bpointe céatadán don dá aoisghrúpa.

CÉATADÁN NA mBAN AGUS NA bhFEAR AS GACH CÉIMÍ ISCED 5 AGUS 6, AE-28, 2012



Foinse: Eurostat, Staidreamh oideachais




Leithscaradh inscne daingnithe i roghanna ábhar

In ainneoin na nathruithe in oideachas na mban agus na bhfear, tá patrúin leithscartha daingnithe go láidir fós ar fud na mBallstát. Is gnáth leo feidhmiú de réir ionchais inscneacha, mar go mbíonn na mná faoi róionadaíocht in earnálacha a bhaineann le ról thraidisiúnta na mban,

amhail sláinte agus leas, daonnachtaí agus na healaíona nó oiliúint múinteoirí agus eolaíocht oideachais.

Bhí na fir níos líonmhaire in innealtóireacht, déantúsaíocht agus tógáil ag leibhéal 5 agus leibhéal 6 araon (ISCED, 1997) i ngach Ballstát in 2012. Tá rannpháirtíocht na mban agus na bhfear níos cothroime i dtalmhaíocht agus i dtréidliacht.

CÉATADÁN NA mBAN AGUS NA bhFEAR I mBAILL FHOIRNE ACADÚLA AG GACH GRÁD IN INSTITIÚIDÍ ARDACADÚLA IN 2007 AGUS 2010, AE



Foinse: An Coimisiún Eorpach, Figiúirí She, 2012

Tá mná faoi ghannionadaíocht i gcéimeanna sinsearach sa saol acadúil i bhformhór na mBallstát

Bhí na fir níos líonmhaire ná na mná san fhoireann acadúil ag gach grád in institiúidí ardacadúla, agus b'fhir iad 60% den fhoireann in institiúidí acadúla in 2010 (laghdú beag ó 62% in 2007). Is amhlaidh atá ceannasacht na bhfear i measc na mball foirne acadúla i bhformhór na mBallstát. Bíonn difríochtaí suntasacha i leibhéil leithscartha ingearaigh laistigh de na trí ghrád d'fhoireann acadúil. In 2010, ar fud AE-27 bhí 44% de phoist Ghrád C ag mná ar an meán (an chéad ghrád/phost a mbeadh ag céimí PhD (ISCED 6) nuacháilithe de ghnáth), 37% de phoist Ghrád B acu (taighdeoirí a oibríonn i gcéimeanna sinsearach níos lú ná barrchéimeanna ach níos sinsearaí ná na céimithe PhD nuacháilithe), agus ní raibh ach 20% de phoist Ghrád A ag mná (an taon chéim/phost is airde

ina bhfuil taighde déanta). Ní fhacthas mórán difear ná a bhí in 2007 (nuair a bhí 44% de phoist Ghrád C, 36% de phoist Ghrád B, agus 19% de phoist Ghrád A ag mná).

Tá rannpháirtíocht na mban san ardoideachas ag méadú i gcónaí agus tá siad níos líonmhaire ná na fir i gcuid mhór réimsí ag leibhéal treasach an oideachais. Mar sin féin, ní raibh an luas céanna san athrú i leithscaradh inscne, cothrománach agus ingearach araon. Mar gheall air sin, ní bhíonn an dul chun cinn céanna i rogha gairme na mban agus na bhfear in earnálacha neamhthraidisiúnta agus d'fhéadfadh nach mbeadh rochtain acu ar na deiseanna céanna.

Sa saol acadúil, tá gá le láithreach agus rochtain na mban ar leibhéal níos airde a fheabhsú agus a thacú agus is saincheist í sin nach mór dul i ngleic léi i bhformhór na mBallstát.

Tograí úsáideacha:

Aithnítear **Steiréitíopáil Inscne** mar thoisic theagmhasach den leithscaradh inscne agus neamhchomhionannas inscne i réimse an oideachais agus na hoiliúna agus téitear i ngleic léi trí bhearta éagsúla a chuir na Ballstáit i bhfeidhm. Tugtar aird ar leith don churaclam, do ról na ninscní a phlé, do steiréitíopaí agus comhionannas i staidéar sóisialta nó in ábhair staire (*Folkeskole* na Danmhairge). Áirítear i bPlean Gníomhaíochta na Cipire um Chomhionannas Inscne san Oideachas (2014-17) bearta le haghaidh a thabhairt ar ról na ninscní agus steiréitíopaí sa teaghlach agus sa tsochaí. Sainítear díothú iarmhairtí ar steiréitíopaí inscne mar cheann de na cuspóirí i mbeartas oideachais i gCás an Chomhionannais Inscne faoin Aireacht Oideachais, Óige agus Spórt agus Moladh sa Phlean Straitéiseach Meántéarmach um Chomhionannas Inscne de chuid Phoblacht na Seice. Sa Chróit, leagtar síos sna caighdeánacha do théacsleabhair "nach mór go nullmhaítear an dá inscne chun rannpháirtíocht éifeachtach cothrom i ngach réimse den saol i dtéacsleabhair" agus "comhionannas inscne a chur chun cinn". Ghlac an Institiúid Oideolaíoch, údarás na Gréige maidir le haghaidh ábhair na scoileanna, bearta chun steiréitíopaí gránna ban a bhaint trí na Inter-thematic Integrated Curriculum Frameworks (Creatlacha Curaclaim Comhtháite Idirthéamacha) (2004). Áirítear cearta an duine, feasacht ar chomhionannas idir mná agus fir agus dearcthaí ina leith i gCuraclam Náisiúnta na hUngáire mar chuid den chlár múinteoireachta.



Tá **forbairt acmhainní comhionannas inscne** i gcórais oideachais agus i soláthar ábhar tacaíochta do phearsanra scoile mar chuid de na beartais a chuir roinnt Ballstát i bhfeidhm maidir le beartais chomhionannas inscne san oideachas. Tá leathanach gréasáin ag Institiúid Oideolaíoch na Cipire do mhúinteoirí atá tiomanta do chomhionannas inscne, áit ina bhfuil faisnéis agus ábhar faoi chomhdheiseanna buachaillí agus cailíní ar scoil. Sa Liotuáin, tá áis teagaisc ann Féidearthachtaí chun Comhionannas Inscne a Chothú ar Scoil do mhúinteoirí agus tugann oideolaithe sóisialta eolas ar spriocanna comhionannas inscne i scoileanna agus tairgeann uirlisí maidir le hoideachas ar chomhionannas inscne ar scoil agus i bpobal níos forleithne na scoile. Sa chreat comhoibrithe idir an Aireacht Oideachais, Cultúir agus Spóirt agus an Aireacht Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Comhionannas sa Spáinn, cruthaíodh an Tairseach Intercambia, le rochtain ar fhaisnéis agus malartú faisnéise a éascú (acmhainní teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), bunachar sonraí agus staidreamh) agus eolas ar chleachtais oideachasúla a chuireann comhdheiseanna chun cinn agus a chuireann cosc ar fhoréigean inscne.

DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE B: OIDEACHAS AGUS OILIÚINT DO MHNÁ

DUL CHUN CINN	BAIC
<ul style="list-style-type: none"> Tá laghdú mall sa bharna inscne i roinnt earnálacha oideachais ina bhfuil formhór na bpost ag fir. Is mná iad an chuid is mó de na céimithe ollscoile, go ginearálta, i ngach Ballstát. Tá an difreálach fostaíochta idir na hinscní níos lú i measc leo siúd a bhfuil ardleibhéal oideachais acu (5-6) agus bhí níos lú tionchair ag an ngéarchéim airgeadais ar mhná sa chatagóir sin. 	<ul style="list-style-type: none"> Is mall é an luas athraithe ar leithscaradh inscne san oideachas, idir chothrománach agus ingearach araon. Is beag í ionadaíocht na mban ag leibhéal níos airde sa saol acadúil. Tá difreálach fostaíochta idir na hinscní ann fós do gach leibhéal oideachais.

An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Leanúint ag tabhairt aghaidh ar steiréitíopaí ar bhonn gnéis inscne agus leithscaradh san oideachas agus in oiliúint agus iad a shárú trí thacaíocht a thabhairt do churaclaim atá íogair ó thaobh inscne de, do ghairmchomhairliú, d'fheachtais mheán a spreagann buachaillí agus cailíní, mná agus fir le conair ghairme a leanúint de réir a gcuid scileanna agus cumas.
- Aghaidh a thabhairt ar leithscaradh inscne san oideachas mar go neascraíonn neamhionannas sa bhreis sa mhargadh fostaíochta as agus go gcuireann sé le difríochtaí sna deiseanna eacnamaíochta idir mná agus fir.
- Deiseanna agus forbairtí gairme a áirithiú do mhná agus d'fhir araon a roghnaíonn earnálacha neamhthraidisiúnta a bhfuil baint acu leis an inscne eile de ghnáth.
- Deiseanna do mhná a chruthú le tairbhe a bhaint as an ardoideachas atá acu mar a bhaintear le fir agus aghaidh a thabhairt ar an tséail ghloine do mhná sa saol acadúil.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí incomparáide agus iontaofa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu>

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtais chomhionannas inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu/content/>



Eolas teagmhála:

European Institute for Gender Equality
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

facebook.com/eige.europa.eu

twitter.com/eurogender

youtube.com/eurogender

<https://eurogender.eige.europa.eu>



ISBN 978-92-9218-563-3

doi:10.1007/978-92-9218-563-3

MH-04-15-022-DE-N